

COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

Bord Bainistíochta

Cruinniú – Déardaoin 16ú de Nollaig 2021

4.00in - 6.30in

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Déardaoin an 16ú de Nollaig ag 4.00 i.n.

I láthair, bhí T. Ó C., S. Ó T., P. Ó C., G. Uí C., P. S., Á. B., C. Ó C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách. Ghuigh sé chuile bheannacht ar P. S. ina post úr mar ionadaí tuismitheora. Chuir sé an Bhord in aithne ar P. S.

2. Miontuairiscí

Mhol P. Ó C. le cuidiú ó C. Ó C. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, mhol P. Ó C. le cuidiú ó G. Uí C. go nglacfar leo.

3. Ag éirí as

Ní raibh aon cheo ag éirí as na miontuairiscí.

4. Comhfhreagras

Chuaigh an Príomhoide tríd na ciorclán reatha, chuaigh sí tríd comhfhreagras bainteach le NEPS, BOOGR, Socraithe Réasúnta Bl 6, Tionscnamh Eacnamaíocht Bhaile Bl 6, Aonad Covid 19 sa Roinn O&E, BOOGR, CAO, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, CNCM.

5. Comhairle na nDaltaí

Rinne an Cathaoirleach J B. agus Leas Cathaoirleach L Ní C. cur i láthair don bhord. Rinne siad aiseolas a thabhairt don bhord ar a gcuid ngníomhachtaí agus a ról sa scoil. Mhol an Príomhoide obair an mhúinteora, Bn Uí M. mar thacaíocht do Chomhairle na nDaltaí. Mhol an Cathaoirleach gníomhartha an Chomhairle, ghuí sé gach rath orthu ina gcuid scrúduithe, mhol S Ó T na himeachtaí seach-curaclam a bhí ar siúl ag na daltaí. Ghuí gach duine chuile rath orthu ina gcuid scrúdú.

6. Tuairisc an Rúnaí

Teagasc agus Foghlaim

Bliain 1: Ceardlann Damhsa – Janice de Bróithe, Traenáil Tag Rugbaí – Matthew Henderson, Seachtain na hEolaíochta, Lá Teanga Idirnáisiúnta, Gníomh Ealaín – Cátaí na Nollag, Scrúduithe na Nollag

Bliain 2: Ceardlann Damhsa – Janice de Bróithe, Traenáil Tag Rugbaí – Matthew Henderson, Seachtain na hEolaíochta, Lá Teanga Idirnáisiúnta, Scléip 2022, Scannán – Arracht, Gníomh Ealaín – Cátaí na Nollag, Scrúduithe na Nollag

Bliain 3: Ceardlann Damhsa – Janice de Bróithe, Cruinniú M-T, Traenáil Tag Rugbaí – Matthew Henderson, Seachtain na hEolaíochta, Lá Teanga Idirnáisiúnta, Díospóireacht Uí Chadhain, Gníomh Ealaín – Cátaí na Nollag, Scrúduithe na Nollag

Bliain 4: Ceardlann Damhsa – Janice de Bróithe, Cúrsa Teanga Comharthaíochta, Seachtain na hEolaíochta, Lá Teanga Idirnáisiúnta, Díospóireacht Uí Chadhain, Scléip 2022, Scannán – Arracht, Cúrsa Oilíúna Tiomána, Agallamh le Staráí Áitiúil – Seán Breathnach, Scrúduithe na Nollag, Gnó Fiontraíochta – Coinnle Chorr na Móna

Bliain 6: Seachtain na hEolaíochta, Lá Teanga Idirnáisiúnta, Díospóireacht Uí Chadhain, Scléip 2022(dalta amháin), Cruinniú Eolais – CAO, Printíseachta, DARE, HEAR etc., Scrúduithe na Nollag

Forbairt Gairmiúil

C Ó C. – CPD le PDST – Technology in Education

M Nic an M. – CAO

S C – Pobal Cleachtais Nuatheangach Iasachta

COGG – Foireann Iomlán

Fás agus Forbairt

Tá 65 dalta cláraithe don scoilbhliain 2021/'22

Tugadh amach cáipéis ar Caiteachas go dtí seo. Rinne gach baill imscrúdú ar an gcáipéis. Mhol an Cathaoirleach ar an Rúnaí fiosrú a dhéanamh ar na HEPA filters. Mhol an Cathaoirleach díogras na daltaí agus na múinteoirí agus iad ag comhlíonadh na treoirlínte morthimpeall ar Covid-19.

Comhpháirtíocht agus Nascanna

2 cruinniú le Joanne Frehill, NEPS, EWO, Stiofán Seoighe – Oifigeach Pleanáil Teanga, COGG, UCAS, Coiste Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach, Gael-Linn, BOOGR, Roinn Oideachais, Coimisiún an Scrúduithe Stáit, CNCM, Fostóirí na hIdirbhliana, Comhairle na dTuistí.

7. Cur síos ar Post Dualgais

Tugadh eolas uasdátaithe don Bhord ar dháta agallamh don Phost AP1 ag gníomhú agus ní raibh aon dáta faighte ag an rúnaí fós don folúntas AP2.


8. Tuairisc ó Choiste na dTuismitheoirí

Thug G Uí C. tuairisc sonrath don Bhord ar obair Coiste na dTuismitheoirí agus ar imeachtaí scoile na ndaltaí. Thug sí cur síos ar imeachtaí agus éachtaí a bhí comhlíonta ag daltaí na hIdirbhliana. Tugadh le fios go raibh Comhairle na dTuismitheoirí ag déanamh imscrúdú ar Polasaí Obair Baile. Thug P. Seoighe le fios go bhfuil turasanna áitiúla agus gníomhachtaí áitiúla a bheadh oiriúnach do dhaltaí na hIdirbhliana. Mhol Cathaoirleach na dtuismitheoirí a ionchur agus saineolas.

9. A. R. E

Socraíodh go mbeadh Polasaí Obair Bhaile faoi bhráid an Bhord agus go mbeadh an Polasaí Frithbhulaíochta le uasdáta agus le léamh don chéad cruinniú eile.

Le sin, rinne Cathaoirleach an Bord críoch a chur leis an cruinniú agus ghuí sé chuile bheannacht ar phobal na scoile agus bliain úr mhaith orainn ar fad.

Sínithe:  James O'Riordan Bha

Cathaoirleach

Dáta: 15/3/2022